# Plean Ceachta 1
# Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

| Teanga na Bunscoile | Curaclam Corpoideachais |
|---|---|
| Snáithe: Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:<br><br>TF6 -Léiriú tuisceana: tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt. tuiscint a léiriú trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint.<br>TF4- Struchtúr abairte agus gramadach: úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte.<br><br>Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta | Snáithe:<br>Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>Snáithaonad: Treodóireacht Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste: an tuiscint atá acu ar threoshuíomh léarscáile chomh maith leis an gcumas atá iontu bealach a roghnú agus a leanúint a mheas |

Ionad
Seomra Ranga ag tús agus deireadh an cheachta
Halla nó Clós na Scoile le linn an cheachta

Trealamh
Cur i láthair PowerPoint do cheacht 1, teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers), cóin, trí thacar de shé chón, sé litir (trí sheit), póstaeir 'Tuaisceart/Deisceart/an tIarthar/an tOirthear' (tá seo ar fáil sa PowerPoint), bileoga bealaigh, bileog freagraí.

Tagairtí
- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas lch (57-59)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91) Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physli
- An Gúm, https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2021/07/07-Airde-an-Chomp-FT-R4.pdf

## Measúnú agus aiseolas le linn an cheachta

- Tascanna MSF: Lipéadú, An Foghlaí Mara Amaideach, Cluiche Meaitseála, Tasc WordWall, Téamh Suas, Tasc na bPúicíní, Bileog Bhealaigh
- Breathnoireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na daltaí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

| Féinmheasúnú an Mhúinteora | Nótaí an Mhúinteora |
|---|---|
| Féinmheasúnú an Mhúinteora:<br>D'fhéadfá nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. | Nótaí an Mhúinteora |

## Teanga an Mhúinteora

Teanga an Ranga

- Inniu táimid ag foghlaim faoi...
- Beidh sibh in ann treonna ar an léarscáil a ainmniú agus a leanúint.
- Beimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
- Beidh treodóireacht ar siúl againn inniu.
- Éist/Éistigí go cúramach
- Lean/Leanaigí na treoracha
- An dtuigeann tú/sibh?
- Féach/Féachaigí ar an bhfiseán
- Déan/Déanaigí aithris orm/ ar an bhfiseán
- An ndéanfaidh muid sin le chéile?
- An bhfuil gach duine réidh le tosú?
- Abair/Abraigí é seo i mo dhiaidh/Arís le bhur dtoil
- Uair amháin eile, le do thoil/le bhur dtoil
- Stop/Stopaigí
- Socraígí síos/ A pháistí, ná bígí ag caint as béal a chéile.
- Bog/Bogaigí na táblaí/ na boird ar leataobh
- Beimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile
- Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
- Aimsigh/Aimsígí spás duit/daoibh féin sa chlós/sa halla
- Ar bhur marcanna, réidh, imígí!
- Rith/Rithigí go tapa/gasta/go mall
- Déanaigí scuaine
- Greamaigh seo i do chóipleabhar
- Déanaigí grúpaí de thriúr. Beidh foirne de cheathrar/de chúigear againn.
- Is tusa an chéad, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & srl duine.
- Níl cead ag aon duine a bheith ag brú

Ceistiú an Mhúinteora

- An dtuigeann sibh cad atá le déanamh?
- An dtuigeann sibh? Ordóga suas/ordóga síos
- Cad atá le déanamh?
- Cén treo é seo?
- Conas atá ag éirí leat/libh?
- Cad atá cearr?
- Cá háit as a dtáinig an ghaoth seo?

Aiseolas

- Iarracht iontach – bain triail as arís!
- Comhghairdeas libh!
- Maith thú/an-mhaith
- Bulaí fir/girsí
- Tá sé agat anois!
- Tá feabhas dochreidte tagtha ort
- Sin beagnach é
- Glac/glacaigí do chuid ama/bhur gcuid ama, ní gá deifir a dhéanamh
- An-iarracht, ach níl sé sin ceart go huile agus go hiomlán

## Teanga na nGníomhaíochtaí

Sleamhnán 1 – 11:

- A chairde, féach ar an gcompás. Cén uair a úsáideann muid compás? Treoracha/léarscáil
- Seo an tuaisceart/an deisceart/an t-iarthar/an t-oirthear.
- Baineann muid úsáid as téarmaí eile nuair atá muid ag gluaiseacht nó ag bogadh ar an léarscáil agus nuair a thugann muid treoracha. Seo an tuaisceart (ar an léarscáil), ach tá mé ag dul ó thuaidh.
- Cleachtóidh muid na téarmaí nua seo le cluiche meaitseála.
- An féidir libh an léarscáil seo a lipéadú le bhur dtoil?
- Is féidir linn airde an chompáis a fhoghlaim de ghlanmheabhair le mnemonic: Tabhair Oráiste Don Iasc. Tarraing pictiúr i do chóipleabhar le cabhrú leat TODI a chur de ghlanmheabhair.
- Cleachtóidh muid na téarmaí nua seo trí chluiche beag a imirt. Bain úsáid as an maighnéad chun na treoracha a thaispeáint ar an gcompás. Bain úsáid as na frásaí thíos le tacú leat.
- Anois a chairde, imreoidh muid tasc eile chun na téarmaí nua seo a chleachtadh. Téigí i mbeirteanna. Féachaigí ar an gclár. Tá an foghlaí mara amaideach tar éis gach rud atá aige a chailleadh! Úsáidigí na treoracha agus líonaigí na bearnaí chun a rudaí a bhailiú. Féachaigí an sampla.

Sleamhnán 12 – Téamh Suas: Anois a chairde, rachaidh muid chuig an gclós le téamh suas a dhéanamh. Éistigí liom agus leanaigí na treoracha. Sin an tuaisceart. Léimígí/rithigí/siúlaigí ó thuaidh. 2. Sin an deisceart. Léimígí/rithigí/siúlaigí ó dheas. 3. Sin an t-oirthear. Léimígí/rithigí/siúlaigí soir. 4. Sin an t-iarthar. Léimígí/rithigí/siúlaigí siar.

Sleamhnán 14: Anois a pháistí, imreoidh muid cluiche darbh ainm 'Tasc na bPúicíní'. Seo púicín, cá háit a gcuireann tú an púicín? Téigí i ngrúpaí. Cuirigí púicín ar dhuine amháin, aimsígí spás sa chlós agus cleachtaígí na treoracha nua a d'fhoghlaim muid. Glacaigí sealanna leis an bpúicín. Bain úsáid as an gcompás i do chóipleabhar le tacú leat.
An bhfuil treoracha ar bith eile ar eolas agaibh? An féidir linn seo a dhéanamh arís leis na treoracha seo a leanas: cas ar chlé, tiontaigh ar dheis, siúil chun tosaigh, ar chúl.

Sleamhnán 16: Tá trealamh ag teastáil don chéad tasc eile. Tá bileog bhealaigh, peann luaidhe agus páipéar ag teastáil. Beidh an seisear agaibh le chéile. Seo duit x. Is tusa an chéad, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl duine. An bhfuil peann luaidhe/léarscáil/bileog ag gach aon duine? An bhfeiceann sibh na cóin? Tá na litreacha a, b, c, d, e, f, faoi bhun na gcón. Ar dtús, beidh oraibh breathnú ar bhur gcártaí agus ansin na litreacha a aimsiú san ord ceart. Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.

Anois a dhaltaí déanfaidh muid seo arís, ach le púicín an babhta seo! Caithfidh dalta amháin an púicín a chur orthu agus caithfidh na daltaí eile sa ghrúpa an dalta sin a threorú chuig na cóin ag baint úsáid as na treoracha nua a d'fhoghlaim sibh: siúil ó dheas, siúil dhá chéim soir, siúil trí chéim ó thuaidh srl. Déan seo arís agus arís eile le seal a thabhairt do gach dalta leis an bpúicín.

Sleamhnán 23 – Téamh síos: Anois a chairde, rachaidh muid ar ais chuig an seomra ranga le téamh síos a dhéanamh. Bogaigí na boird ar leataobh. Féachaigí ar an bhfiseán agus leanaigí na treoracha.

Sleamhnán 25: An féidir leat an dán seo a chur de ghlanmheabhair?
Cá háit as a dtáinig na gaotha seo?

## Teanga na nDaltaí

Teanga Ghinearálta:

- An bhféadfá é sin a rá arís le do thoil?
- Ní thuigim.
- Chaill mé mo pheann luaidhe.
- An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
- Ba mhaith liom bheith ar an bhfoireann chéanna le x.
- Tá cabhair uaim.
- An gcabhróidh tú liom?
- Tá ag éirí go maith liom.

Teanga an Ábhair

- An tuaisceart
- Ó thuaidh
- Ag dul ó thuaidh
- An t-oirthear
- Ag dul soir
- Thoir
- An deisceart
- Ag dul ó dheas
- Ó dheas
- An t-iarthar
- Ag dul siar
- Thiar

- Tabhair Oráiste Don Iasc

- Bog an maighnéad siar.
- Bog an maighnéad ó dheas.
- Cá bhfuil an deisceart/an t-iarthar ar an léarscáil?

## Teanga na nDaltaí

1. Ón tús, téigh ó thuaidh 3 chearnóg.
2. Téigh siar dhá chearnóg.
3. Téigh ó dheas cearnóg amháin.
4. Téigh ó dheas cearnóg amháin, ansin cearnóg amháin soir.
5. Téigh trí chearnóg ó thuaidh agus cearnóg amháin soir.
6. Téigh cearnóg amháin ó thuaidh.
7. Téigh cearnóg amháin soir agus trí chearnóg ó dheas.

- Púicín/Púicíní

- Siúil ó thuaidh.
- Siúil trí chéim soir.
- Siúil dhá chéim ó dheas.
- Siúil ceithre chéim siar.
- Téigh ar ais chuig an tús!
- Cas ar chlé
- Tiontaigh ar dheis
- Siúil chun tosaigh
- Ar chúl

Na Gaotha

- An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
- Is cuireann sí gruaim ar dhaoine
- An ghaoth aneas bíonn sí tais
- Is cuireann sí rath ar shíolta
- An ghaoth anoir bíonn sí tirim
- Is cuireann sí sioc istoíche
- An ghaoth aniar bíonn sí fial
- Is cuireann sí iasc i líonta.

- Tagann an ghaoth seo ón deisceart/tuaisceart/oirthear/iarthar

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

Trealamh: Teilifís Chliste, PowerPoint (Ceacht 1) – Suíomh: Seomra Ranga
Trealamh: leathanaigh oibre le priontáil (PowerPoint)

- Tasc 1: Mínigh na hintinní foghlama agus critéir ratha do na daltaí. Bain úsáid as na híomhanna ar an PowerPoint le tacú leat.
- Tasc 2: Moltar sleamhnán 3 (Airde an Chompáis) a phriontáil agus a ghreamú i gcóipleabhair na ndaltaí. Seinn an físeán (féach an nasc ar shleamhnán 3). Cuir stad leis an bhfíseán ar 1.22 nóiméad. Mínigh Airde an Chompáis/treonna don rang. Iarr orthu na téarmaí nua seo a rá i do dhiaidh. Mínigh go mbaineann muid úsáid as téarmaí eile nuair atá muid ag gluaiseacht nó ag bogadh ar an léarscáil agus nuair a thugann muid treoracha. Féach teanga an mhúinteora: mshp. Seo an tuaisceart (ar an léarscáil), ach tá mé ag dul ó thuaidh.
- Tasc 3: Déan cleachtadh ar na téarmaí seo trí chluiche meaitseála a imirt (féach an nasc ar shleamhnán 4.)
- Tasc 4: Cuir sleamhnán 5 i gcló. Cuir na daltaí i mbeirteanna agus iarr orthu an leathanach seo a lipéadú.
- Tasc 5: Bain úsáid as an mnemonic ar shleamhnán 6 le tacú leis na daltaí Airde an Chompáis a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Iarr orthu pictiúr a tharraing ina gcóipleabhair do TODI/Tabhair Oráiste Don Iasc.
- Tasc 6: Lig do na daltaí na téarmaí nua a chleachtadh ó bhéal le linn na gníomhaíochta seo. Brúigh an nasc agus iarr ar na daltaí an maighnéad a bhogadh ó thuaidh/ó dheas srl. Iarr ar na daltaí eile treoracha a ghlaoch amach le tacú leis an dalta ag an gclár atá i mbun an mhaighnéid.
- Tasc 7: Sleamhnán 10 le priontáil. Léigh amach na treoracha ar shleamhnán 10: Tá an foghlaí mara amaideach tar éis gach rud atá aige a chailleadh! Úsáid na treoracha agus líon na bearnaí chun a rudaí a bhailiú. Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu na bearnaí a líonadh ar shleamhnán 10, tá na freagraí le fáil ar shleamhnán 11.

Suíomh: Halla Spóirt/Clós na Scoile
Trealamh: cóin, trí thacar de shé chón, sé litir (trí sheit), póstaeir 'Tuaisceart/Deisceart/an tIarthar/an tOirthear' (tá seo ar fáil sa PowerPoint), bileoga bealaigh, bileog freagraí.

Tasc 8: Sleamhnán 12 – Téamh Suas
Téigh chuig an gclós/halla spóirt. Cuir na póstaeir in airde sa chlós/halla spóirt (an tuaisceart/an deisceart/an t-iarthar/an t-oirthear). Glaoigh amach na treoracha seo thíos agus iarr ar na daltaí rith chuig an áit cheart sa halla/chlós. Déan seo faoi 4..
1. Sin an tuaisceart. Léimígí/rithigí/siúlaigí ó thuaidh. 2. Sin an deisceart. Léimígí/rithigí/siúlaigí ó dheas. 3. Sin an t-oirthear. Léimígí/rithigí/siúlaigí soir. 4. Sin an t-iarthar. Léimígí/rithigí/siúlaigí siar. (Frásaí breise: go gasta/go tapa/go mall/go hard)

Tasc 9: Sleamhnán 15 – Tasc na bPúicíní
- Cuir na daltaí i ngrúpaí. Iarr ar na daltaí púicín a chur ar dhuine amháin sa ghrúpa, mínigh go gcaithfidh siad spás a aimsiú sa chlós. Caithfidh na daltaí eile treoracha a thabhairt don dalta 'dall', mshp: Siúil ó thuaidh. Siúil trí chéim soir. Siúil dhá chéim ó dheas. Siúil ceithre chéim siar. Téigh ar ais chuig an lár. Caithfidh na daltaí sealanna a ghlacadh leis an bpúicín. Is féidir leo a gcóipleabhar a úsáid le tacú leo. Is féidir tógáil ar an tasc seo le téarmaí ar nós ar chlé, ar dheis, chun tosaigh (má tá na téarmaí seo ar eolas acu cheana féin) (Cluiche WordWall ar fáil.)

Tasc 10: Sleamhnán 16 – 22 – Bileog Bhealaigh agus Tasc na bPúicíní
- Tabhair bileog bhealaigh, peann luaidhe agus páipéar do gach páiste. Roinn na páistí i dtrí ghrúpa. Cuir grúpa le gach tacar cón. Mínigh go bhfuil litir faoi gach cón agus gur gá na litreacha a bhailiú san ord atá leagtha amach ar an mbileog. Mínigh go bhfuil bileoga difriúla acu. Léirigh cúpla bealach ansin agus lig do na páistí tosú. Bailigh na bileoga freagraí le hiad a mheas.
- Iarr ar na daltaí seo a dhéanamh arís, ach le púicín an babhta seo! Caithfidh dalta amháin an púicín a chur orthu agus caithfidh na daltaí eile sa ghrúpa an dalta sin a threorú chuig na cóin ag baint úsáid as na treoracha nua a d'fhoghlaim siad: siúil ó dheas, siúil dhá chéim soir, siúil trí chéim ó thuaidh srl. Déan seo arís agus arís eile le seal a thabhairt do gach dalta leis an bpúicín.

Suíomh: Seomra Ranga
Trealamh: Teilifís chliste, PowerPoint (ceacht 1)

Tasc 11: Sleamhnán 23 – Fuarú iaraclaíochta
- Iarr ar na daltaí scuaine a dhéanamh sa chlós. Mínigh do na daltaí go bhfuil siad ag dul ar ais chuig an seomra ranga chun fuarú síos a dhéanamh inniu. Iarr ar na daltaí na boird a bhogadh ar leataobh sa seomra ranga. Seinn an físeán ar shleamhnán 23 agus iarr ar na daltaí aithris a dhéanamh ar na gluaiseachtaí san fhíseán. Má tá siad go fóill tógtha ag deireadh an cheachta, mholfaí machnamh/5 nóiméad suaimhneach a thabhairt dóibh le socrú síos (https://www.youtube.com/watch?v=odzGsDTJKz4)

Athneartú – Sleamhnán 25-27
- Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga agus scileanna nua na ndaltaí le linn an cheachta seo ag baint úsáid as na tascanna breise ar shleamhnán 25-27. Tá réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar fáil le déanamh le linn na seachtaine, amhail tasc filíochta, comórtas ranga, lipéadú agus lúbra.